Is Mise an Bheach

Nuair a bhíonn na páistí ar an gcladach
Ag tógáil caisleán is ag snámh
Nuair a bhíonn an domhan mór ar saoire
Bím amuigh ag obair, gach aon lá

Curfá:
Is mise an bheach a dhéanann mil duit
Mil atá chom blasta buí
Is mise an bheach a dhéanann mil duit
Mil a chuirfeadh áthas ar rí

Ar fud na bpáirceanna a imím
Ar feadh an tSamhraidh bhuí go léir
Éist go gcloisfidh tú an dreanndán
Sin an port a mbím ag ceol dom féin

Curfá

©1997 & 2004 – Ceol agus liricí – Tadhg Mac Dhonnagáin